

Mithigh th'athdhúsgadh, a Aodh — dán ag
brostú Aodha Uí Dhomhnaill (†1600)



Philip Mac a' Ghoill

Celtica 34 (2022), 110–125

DOI: 10.58480/SCS-axbgc-dxazq

DIAS

Institiúid Ard-Léinn | Dublin Institute for
Bhaile Átha Cliath | Advanced Studies



© School of Celtic Studies, Dublin Institute for Advanced Studies.
This work is licensed under CC BY-NC 4.0. To view a copy of this
license, visit <https://creativecommons.org/licenses/by-nc/4.0/>

MITHIGH TH'ATHDHÚSGADH, A AODH
DÁN AG BROSTÚ AODHA UÍ DHOMHNAILL (†1600)¹

ACHOIMRE

Chum Uilliam Óg Mac an Bhaird (†1576) an dán seo am éigin idir na blianta 1566 agus 1576 d'Aodh Ó Domhnaill (†1600), ag cur in iúl dó go raibh clú agus rath a theaghlaigh agus a thiarnais ag fulaingt le linn a ré mar nach raibh go leor ar siúl aige le iad a chosaint agus a chur chun cinn. Tá an t-eagrán den dán atá curtha ar fáil anseo bunaithe ar an aon chóip amháin de a mhaireann, i LS G 167, Leabharlann Náisiúnta na hÉireann. Foilsíodh tras-scríbhinn den dán seo in *ABM* sa bhliain 2010 le heagarthóireacht éadrom déanta air. Tá aistriúchán Béarla ar an dán curtha ar fáil anseo, chomh maith le plé ar ghnéithe den teanga agus den mheadaracht sa réamhrá agus sna nótaí.

AN FILE

UILLIAM ÓG (mac Cormaic) Mac an Bhaird (†1576) a chum an dán seo d'Aodh Dubh (mac Mhaghnaís) Ó Domhnaill (†1600). De réir *AFM* s.a. 1576, ba é Uilliam Óg *ollamh Uí D[h]omhnaill lé dán*, agus fuair sé bás ar 22 Feabhra an bhliain sin i nDroim Mór, gar do Bhaile Dhún na nGall. Maireann, ar a laghad, ocht ndán eile de chuid Uilliam Óig, agus tá ceithre cinn acu sin in eagar go dtí seo: *Biaidh athroinn ar Inis Fáil* (Ó Cuív 1977), dán leathaoire a chum sé sa bhliain 1572, leath de ag moladh Aodha Uí Dhomhnaill, agus leath de ag aoradh iarla Thuamhan, Conchubhar Ó Briain; *Trí Coin chosnas clú Gaoidheal* (*DMU* 18), a chum sé do Chú Chonnacht Mág Uidhir am éigin idir 1566 agus 1576; *Gréas dearbhta Duan na Feirsde* (Mac a' Ghoill 2020: 103–39), a chum sé sa bhliain 1567 d'Aodh Ó Domhnaill mar gheall ar an mbua a fuair seisean ar Sheán Ó Néill agus ar a arm i gcath Fhearsaid Mhór; agus *Trom an suan-sa ort, a Aodh* (Mac a' Ghoill 2021: 295–306), a phléann an t-ábhar céanna leis an dán atá in eagar thíos. Tá na ceithre cinn eile i gcló in *ABM*:

- ABM* 230 *Fada súil Éireann re hAodh*, d'Aodh mac Mhaghnaís Uí Dhomhnaill, am éigin idir 1566 agus 1576
- ABM* 266 *Gaoidhil meallta nó mac Néill*, do Thoirdealbhadh mac Néill Uí Néill, am éigin idir 1566 agus 1576

¹Ba mhaith liom mo bhuíochas a ghabháil leis an Dr Eoin Mac Cárthaigh, eagarthóirí *Celtica* agus an léitheoir a cheap siad as moltaí éagsúla le barr feabhais a chur ar an alt seo. Mé féin faoi deara gach botún agus dearmad.

*ABM 273 Gluais, a theachtairé théid siar, do Sheaán Mac Uilliam de Búrca, am éigin idir 1571 agus 1576 (?)*²

ABM 384 Olc cúitighthear comaoín Dé, dán cráifeach.

AN PÁTRÚN

Tháinig Aodh Dubh (mac Mhaghnaís mhic Aodha Dhuibh) Ó Domhnaill i gcomharbas ar a dheartháir, an Calbhach Ó Domhnaill, mar thiarna ar Thír Chonaill sa bhliain 1566 tar éis bháis an Chalbhaigh. Bhí sé i gceannas ar Thír Chonaill go dtí gur sheas sé siar ó ról na ceannaireachta sa bhliain 1592, nuair a rinneadh tiarna dá mhac, Aodh Ruadh Ó Domhnaill. De réir *AFM*, fuair Aodh Dubh bás ar 7 Nollaig 1600.

ÁBHAR AN DÁIN

Cumadh an dán seo am éigin idir na blianta 1566 agus 1576, is é sin idir an t-am a ceapadh Aodh ina thiarna agus bás an fhile. Cuireann Uilliam Óg a mhíshásamh in iúl d'Aodh mar go gcreideann sé nach bhfuil go leor bainte amach ag Aodh lena ré, nó nach bhfuil go leor á dhéanamh aige le rath a theaghlach a chinntiú. Tugann an file le fios go bhfuil clú agus rath an teaghlach ag fulaingt mar gheall air seo, agus brostaíonn sé an pátrún le dul amach agus an méid atá dlite dó ó thaobh talún agus cánach de a fháil.

Apalóg (rainn 15–25), Conn Céadchathach

Insíonn an file an scéal faoin dóigh ar bhrostaigh agus ar spreag ollamh Fhéilim Reachtmhair Conn lena chearta oidhreachtúla ar Theamhair a bhaint amach, agus gan tuilleadh ama a chur amú i mbun iománaíochta. Léiríonn an t-ollamh an drocheagar atá ar an ríocht faoi stiúir na Laighneach agus an rí Cathaoir Mór. Trí chomhairle an ollaimh, agus a oide, Conall Cruachan, tugann Conn slua Connachtach le chéile agus tugann siad aghaidh ar Theamhair. Faigheann Conn an bua ar Chathaoir Mór agus maraíonn sé é, ag tógáil na ríochta dó féin gan aon deacracht (de réir ár bhfile, 23*d*: *mar luadhail leinbh a leithéid* 'it was like child's play'). Cuireann an file Aodh i gcomparáid le Conn Céadchathach, agus é féin i gcomparáid le hollamh Fhéilim Reachtmhair. Tá an apalóg seo le feiceáil freisin le tuilleadh sonraí sa dán *Maith an locht airdríogh óige* (féach McKenna 1927).

LeithNéill

Luann an file an gaol atá ag Aodh le muintir Néill i rann 14 (14*d*: *do leath don fhuil Eóghanaigh* 'your Ó Néill-half') agus i rann 34 (34*b*: *géabhad*

²Ní bhíonn sé soiléir i gcónaí cé acu Uilliam Óg Mac an Bhaird nó a mhac, Uilliam Óg mac Uilliam Óig Mhic an Bhaird, atá i gceist nuair a chuireann scríobhaí an t-ainm seo le dán. Go hiondúil, déanann scríobhaithe idirdhealú idir an dá Uilliam Óg sna ceannscríbhinní, nó is féidir a dhéanamh amach cé acu atá i gceist ó eolas eile faoin dán (dáta, pátrún, eachtraí, srl.). Nílím go hiomlán cinnte cé acu a chum *ABM 273*.

leithsgéal í leithNéill ‘I will relay the half-Ó Néill’s excuses’). Ba í Siobhán iníon Chuinn Bhacaigh mhic Cuinn Uí Néill máthair Aodha. Léiríonn an file an naimhdeas idir an dá theaghlach, agus luann sé cairdeas idir Cineál Conaill agus na Gearaltaigh (rann 12).

LÁMHSCRÍBHINN

Ní mhaireann an dán seo ach in aon LS amháin, is í sin LS G 167 i Leabharlann Náisiúnta na hÉireann, duanaire dánta ar chlann Dálaigh. Tá alt ag Ó Cléirigh (1939) ina bhfuil cur síos cuimsitheach ar an LS seo, agus tá cur síos uirthi i gcatalóg LSí Leabharlann Náisiúnta na hÉireann chomh maith (Ní Shéaghdha 1979: 8–15). Séamus Mág Uidhir a scríobh an LS ar fad, an chuid is mó di sa bhliain 1727 (an chóip den dán seo san áireamh) agus chuir sé 19 leathanach eile léi ní ba dhéanaí, am éigin tar éis na bliana 1738. Aodh Ó Domhnaill, Ceathrú Mhic Oireacht, Co. Liatroma, a choimisiúnaigh an LS. Tá 406 leathanach inti ([viii] + 398), agus 112 dán éagsúil (chomh maith le hocht sliocht as *Saltair na Rann* ag an tús). Tá an chóip den dán seo ar leathanaigh 164–7 de réir uimhriú an scríobhaí [=172–5 in Ní Shéaghdha (1979) agus ar *ISOS*].

POLASAÍ EAGARTHÓIREACHTA

- Mé féin faoi deara ceannlitreacha, poncaíocht, suíomh an tsínidh fhada taobh istigh de shiolla, agus scaradh na bhfocal.
- Tá noda scaoilte agam i gcló iodálach.
- Tá *e*-ard scaoilte agam i gcló iodálach mar *ea* go hiondúil, ach mar *e* nó *ei* in áiteanna freisin nuair is cuí (m.sh. *géirreann*, líne 3*b*; *meirge*, líne 3*c*).
- Tá comharthaí séimhithe scaoilte agam mar ‘h’ gan a bheith i gcló iodálach ach amháin nuair atá an comhartha séimhithe mar chuid de ghiorrúchán a bhfuil consan faoi shéimhiú ann.
- Tá sintí fada bainte agam os íseal de na défhoghair *ao*, *ia* agus *ua*, ach coinnítear síneadh fada ar an défhoghar *eó*.
- Úsáidim macran le síneadh fada nach bhfuil sa LS a chur ar fáil, agus tá sintí fada neamhstairiúla bainte agam os íseal (m.sh. *fánád* > *F[h]ánad*, líne 29*c*).
- Úsáidim lúibíní cearnacha chun litreacha nach bhfuil sa LS a chur ar fáil (m.sh. *A mhic* > *A mh[e]ic*, líne 5*a*).
- Déanaim normalú os íseal ar litriú roinnt focal coitianta neamhaiceanta: *a* > *i* (= an réamhfocal *i* *n*-), *as* > *is* (an chopail/an cónasc); agus athraím *cc*- > *gc*- agus *tt*- go *dt*- ag tús focal.
- Tá *it*, *dot*, srl. athraithe agam go *id*, *dod*, srl. os íseal nuair a thosaíonn an t-ainmfhocal ina ndiaidh ar chonsan (m.sh. *ot bharr* > *ód bharr*, líne 13*c*).

- Tá *-rr-* athraithe agam go *-r-* os íseal nuair nach bhfuil sa dara *r* ach léiriú ar shíneadh meánach agus nach cuid de bhunlitriú an fhocail é (m.sh. *thoirrchim* > *thoirchim*, líne 7b).
- I gcás athruithe eile, gheofar léamha na LSe ag bun an leathanaigh.

TEANGA

Athruithe tosaigh ar lorg ainmfhocal

Tá séimhiú curtha ar fáil agam sna línte seo a leanas:

- ar lorg ainmneach uatha baininsneach i línte 7b (*gé trom do thoirchim c[h]odail*), 13b (*fine Ruairc, ríoghradh C[h]onnacht*), agus 35b (*dá bhfiucha fionfhuil C[h]onoill*). Níl séimhiú curtha ar fáil agam ar lorg ainmneach uatha baininsneach i líne 34c (*ciall toirchim fhada í Earca*) ná i líne 19d (*gabháil sealbha bhar sinnsear*) agus na riachtanais do shléagar arna gcomhlíonadh³ (féach McManus 1994: 357–8).
- ar lorg tabharthach uatha i línte 5c (*a chrithir do chaoir c[h]uradh*), 10c (*mosgladh as bhar dtoirchim t[h]rom*), 13c (*guais nach biadh, ód bharr c[h]odail*), 16a (*D'ionnsaighidh C[h]uinn cian ó shoin*), 25c (*a ghéag tharaidh do chrú C[h]uinn*), 26c (*re a amhsaibh i n-ucht f[h]aghla*) agus 29c (*ord gaisgidh i n-iadh F[h]ánad*).⁴
- ar lorg ginideach uatha firinsneach a chríochnaíonn ar chonsan caol i línte 1d (*sibh i n-imeal chláir C[h]onuill?*), 10b (*a mheic Maghnais mhúir C[h]ormaic*) agus 31a (*Nā trēig clú ceannais f[h]eadhma*).

An réamhfhocal 'gan'

I bhfianaise an tsampla le deimhniú meadarachta i línte 40ab de *Biaidh athroinn ar Inis Fáil* (i. *Ní gan fháth innisim sin / draoi Chormaic mheic Airt Éinfhir*), dán eile a chum an file céanna, tá an séimhiú a mbeadh súil leis sa teanga chlasaiceach curtha ar fáil agam ar lorg an réamhfhocail *gan* i líne 8d (*ní maith clú gan c[h]raobhsgaoileadh*).

MEADARACHT

Deibhí, dán díreach, meadaracht an dáin seo agus tagann leagan na LSe leis na rialacha a ghabhann leis an meadaracht seo den chuid is mó.

³Tugtar faoi deara freisin go bhfuil na litreacha *-lt-* (*ciall toirchim*) agus *-ls-* (*gabháil sealbha*) ag teacht le chéile áit a bhfuil an easpa séimhithe sa dá líne seo. Féach freisin go bhfuil an easpa séimhithe in *gabháil sealbha* deimhnithe ag uaim na líne.

⁴Tá séimhiú curtha ar fáil ar lorg tabharthach uatha i bhfianaise an tsampla le deimhniú meadarachta i línte 9cd den dán *Biaidh athroinn ar Inis Fáil* (i. *dob indéinimh go réidh rinn / do fhréimh fhinnÉibhir d'Éirinn*). Bheimis ag súil le séimhiú ar lorg focal sa tabharthach uatha sa teanga chlasaiceach, agus deimhníonn an sampla sin gurbh é sin an polasaí a bhí ag ár bhfile. Tá sampla eile le deimhniú meadarachta sa dán in eagar thíos (12c *beir beadhg as do shásadh shuain*).

Breacadh

Tugtar faoi deara go mbíonn cuibheas breise (comhardadh slán) taobh istigh de rainn/leathrainn go han-mhinic i bhfilíocht Uilliam Óig Mhic an Bhaird. Táim ag glacadh leis gur samplaí den ghléas ornáidithe *breacadh* iad seo, seachas lochtanna ar an meadaracht (féach Ní Dhomhnaill 1975: 45–54). Tá * curtha agam leis an bhfocal más é focal deiridh na líne é:

4a	—	4b	<i>sról</i>	4c	<i>chlódh</i>	4d	<i>lór</i>
17a	—	17b	<i>mé</i>	17c	<i>té</i>	17d	<i>mé</i>
19a	<i>Teamhra*</i>	19b	<i>(doimheanma*)</i>	19c	<i>Teamhra</i>	19d	<i>sealbha</i>
21a	—	21b	<i>Tabhair</i>	21c	<i>gabhaidh</i>	21d	<i>tabhair</i>
22a	<i>Tonn, mheanma</i>	22b	—	22c	<i>fonn, Teamhra</i>	22d	<i>thonn, mheanma</i>
31a	<i>tréig</i>	31b	—	31c	<i>tréig</i>	31d	<i>léig</i>
33a	—	33b	—	33c	<i>sluagh,⁵ luadh</i>	33d	<i>shuan</i>
35a	<i>choill*</i>	35b	<i>(Chonoill*)</i>	35c	<i>cloinn</i>	35d	<i>croinn</i>

Caoiche

Tá sampla amháin den locht meadarachta *caoiche* sa dán (féach ABP §2, líne 69), is é sin i línte 32cd: *fúibh nárab leaba luighe / leaba chlúimh nō cholcaidhe*. Tá sé shampla den locht céanna sa dán *Trom an suan-sa ort, a Aodh* leis an bhfile céanna (féach Mac a' Ghoill 2021: 299).

Dúnadh

Tá dúnadh cuí ann ag deireadh an dáin:

1a. *Mithigh th'athdhúsgadh, a Aodh —*

23d. *don fhuil ríogh is roimhithigh.*

CEANNSCRÍBHINN

Uilliam Óg bheós do chum so don fhior chēadna.⁶

Uilliam Óg composed this to the same man.

⁵Dar ndóigh, d'fhéadfaí *sluagh* a athrú go *slógh* leis an gcomhardadh breise a sheachaint sa chás seo.

⁶Ainmníodh Uilliam Óg Mac an Bhaird agus Aodh Ó Domhnaill roimhe seo sa LS.

TÉACS

1. *Mithigh* th'athdhúsgadh, a Aodh —
féach, trá, thort ar gach ē[a]ntaobh;
nach ná[i]r libh inneal an fhuinn,
sibh i n-imeal chlāir C[h]onuill?
2. Gabh iomad, éirigh a-mach,
córa dhuit codladh corrach —
an clār oraibh dā eagar;
tobhaigh madh ál th'airleagadh.
3. Éirigh, trá, tógaibh do cheann,
daingnigh do dhoire géirreann,
nocht do ré[a]lta móir meirge;
ar cóir déanta díbheirge.
4. Nī as f[h]aide nā bíodh i mbrios
sról maoth far mheinic áitheas;
a chlódh is gad im ghaineamh;
lór a fhad gur hosgaileadh.
5. A mh[e]ic M[h]aghnaís, nī modh linn
a fhad a-taoi in bhar dtoirchim;
a chrithir do chaoir c[h]uradh,
dhaoibh is mithigh músгалadh.

AISTRIÚCHÁN

1. It is high time to wake you up, Aodh; look around you on every side; is the state of the land not shameful, [with] you on the edge of Conall's plain?
2. Array yourself, go out; it is more proper that you should have restless sleep; the land is being taken from you; levy if you wish to be repaid.
3. Rise up, then; lift your head; fortify your woodland of sharpened weapons; reveal your great star of a banner (?) in proper array for wreaking revenge.
4. Let the soft satin, which has often brought about victory, remain stored away no longer; [attempting to] defeat it is like tying a withe around sand; it has been left unfurled for long enough.
5. O son of Maghnas, I do not consider it honourable that you have slept so long; o spark [igniting] a fireball of warriors, it is time for you to wake up.

LÉAMHA LSe

1b. trath; 1d. immeal

2a. éirghe; 2b. colladh; 2c. eagra; 2d. áil

3a. tráth; 3b. daingnidh

4a. bi, mbriocht; 4b. aithios

6. Mairg tug le gríosadh do ghruadh
oraibh éirghe as do chéadsuan,
a chraobh dar gcoill-ne is fosgadh,
mās doilghe, a Aodh, th'athmhosgladh.
 7. Acht go gcluine a gcanaim ruibh
gē trom do thoirchim c[h]odail
an uaisle béaraidh beadhgadh
gēabhaidh uaim-se an t-imdheargadh.
 8. An aithne dhuit dáil na gcon?
A Aodh nach éisd red bhrosdadh,
feirrde cú maith a maoidheamh;
nī maith clú gan c[h]raobhsgaoileadh.
 9. Biaidh, fad thoirchim re treim[h]se,
dā gcluinteá-sa a gcluineim-se,
do ghruadh ar ghné na corcra;
suan mar é nī hionmholta.
 10. Dobudh mó 'nā mithigh dhuit,
a mheic Maghnais mhúir Chormaic,
mosgladh as bhar dthoirchim t[h]rom;
brostdadh it oirchill agom.
-
6. O Aodh, o sheltering branch of our wood, though it is difficult to wake you from the aforementioned slumber, woe to him who, by reddening your cheeks, made you rise.
 7. Until you heed what I am saying to you, however heavy your sleep, nobility will be made jump, [and] will be shamed my me.
 8. Do you know of the habit of hounds? A good hound is better for having been incited; o Aodh, who heeds not his incitement, fame is worthless if it is not broadcast.
 9. If you hear what I hear regarding your slumber lately, your face will turn red; a sleep like this is not worthy of praise.
 10. It is high time that you woke up from your heavy slumber, o son of Maghnas of Cormac's castle; I have an incitement ready for you.

7c. bhéraidh

8b. na heisd

10b. Corbmaic; 10c. musgladh

11. Aicme Cheallaigh chláir Mhaine
is saorchlann Bhriain Bhóraithe —
deacair tocht uadh go hiomlán —
fad shuan ort ag aithiomrádh.
 12. Síol nGearailt na ngruadh solas
ōs libh iad gan amhoras —
beir bead[h]g as do shásadh s[h]uain —
fásadh th'f[h]earg *agus* th'anbhuaín.
 13. Ōn chodladh trom-sa a-tá ort
fine Ruairc, rīoghradh C[h]onnacht,
guais nach biadh, ód bharr c[h]odail,
sa[n] rann riamh a rabhada[i]r.
 14. Nī as f[h]aide nā bíoth do bháidh
re síol Nēill — nós an leamháin;
cuir an t-each ar bhar n-aghaidh
do leath don fhuil Eóghanaigh.
 15. Do-chuala ar Chonn mac Úna
sgé[a]l is adhbhar iontnúdha,
fa bhrosdadh druadh mar do dhligh;
fa tuar cosgar don Choinn-sin.
-
11. The family of Ceallach of Maine's plain and the noble descendants of Brian Bóraithe are talking once again about your slumber — it is difficult to completely avoid [hearing about] it.
 12. Since the bright-faced FitzGerald's are undoubtedly on your side, jump up out of your slumber; may your wrath and your restlessness grow!
 13. As a result of your deep sleep, as a result of your excessive slumbering, there is a danger that the Ó Ruairc dynasty of Connacht would not be [confined with]in the district they always occupied.
 14. Let your affection lie with the Uí Néill, your Ó Néill-half, no longer — just like the elm; send your horse ahead of you.
 15. I heard an enviable story of Conn, the son of Úna, about just incitement by a druid; it was an omen of the foretelling of Conn's triumphs.

13a. *ccolladh*

14a. *bíodh*; 14c. *Eóghanaidh*

15d. *thuar*; *cosgair*

16. D'ionnsaig[h]idh C[h]uinn cian ō shoin
tig file Féilim Reachtmhair —
turas do uaisligh fonn Fáil;
Conn an uair-sin ag iomáin.
17. 'Creid uaim a n-innisim dhaoibh
gion go n-aithne mé, a mhacaoimh,
ag so an té ōr slonnadh sinn;
is mé dob ollamh d'F[h]éilim.'
18. 'Mo ghríosadh is gabhtha dhuit,
a Chuinn na gcéimeann n-ordhraic;
is diombáidh ar mbuaidh do bhreith.'
Do-chuaidh an iomáin d'éinleith.
19. 'Dhuit is córa clár Teamhra
dā dtuigthea; is dá[i]l doimheanma,
a bhranāin Teamhra na dtreabh,
gabhāil sealbha bhar sinnsear.'
20. 'Nā fuilngidh flaitheas Teamhra
ag féin Laighean loinneardha,
drong ionáigh is f[h]earr d'f[h]altaibh;
tionāil id cheann Connachtaigh.'

16. Long ago, the poet of Féilim Reachtmhar came to Conn, a trip that ennobled the land of Ireland; Conn at that time was playing hurling.
17. 'Believe what I tell you,' [said the poet,] 'though you do not recognise me, o youth, here is the person from whom my name comes; I was the ollamh of Féilim.'
18. 'You should accept my incitement, o Conn of famous deeds; it is hard to defeat us.' The hurling was put aside.
19. 'If only you understood [that] you are the one most entitled to the plain of Tara; o king-piece of Tara of the dwellings, the possession [by others] of your patrimony is a sad state of affairs.'
20. 'Do not tolerate the bright warriors of Leinster, a band fit for battle who are best at feuds, enjoying the lordship of Tara; gather the men of Connacht before you.'

17*b.* gén; 17*c.* sloinneadh

18*b.* norrdhuirc

20*a.* fuilngeadh; 20*d.* Connachtaicch

21. Comhairle do chan an fádh:
‘Tabhair ar cholg do chomán,
le *feardhacht* gabhaidh an gort,
tabhair leanbhd[h]acht ar laochdhacht.’
22. Tonn mheanma san macaomh óg
do chuir comhrádh an druadh-ód
gur bhuail fonn *Teamhra* níor thill
a thonn mheanma mar mhínlínn.
23. *Teamhair Chobhthaigh*, cúirt a shean,
Conn tre chomhairle an fhileadh
ina seilbh fa a thuairim téid;
mar luadhail leinbh a leithéid.
24. Táinig do theagasg an druadh
’s do Chonall *Cruachan* crannruadh
tachar Cuinn re Cathaoir Mór
do thuill tathaoir dā thromshlógh.
25. Fódla na b[h]fiodhbhadh sgathach
mar do fhóir *Conn Céadchathach*,
a ghéag tharaidh do chrú C[h]uinn,
dā cabhair is tú is tualuing.

21. [Here is the] advice the druid gave: ‘Swap your hurling stick for a sword, take the land with virility, swap childishness for valour.’
22. The words of that druid incited a wave of ambition in the young man; that wave of ambition did not recede into the likeness of a small pool until it engulfed Tara.
23. Through the advice of the poet, Cobhthach’s Tara, the court of his ancestors, goes into the possession of Conn as [the poet] foretold; it was like child’s play.
24. Conn’s encounter with Cathaoir Mór, who earned reproach for his great host, came from the teaching of the druid, and from Conall of the red spears from Cruachain.
25. Just as Conn Céadchathach saved Ireland of the flowering woods, you are the one who is able to help her, o fruitful branch of Conn’s line of descent.

22c. nír

23c. tuairim

24a. Táinic

26. Cosmhail, a Aodh, th'aigheadh *grinn*
 re chéile is Conn mac Féilim
 re a amhsaibh i n-ucht f[h]aghla
 casmhail do lucht leanamhna.
27. Uaim, a Aodh, mar is eol damh,
crēad nach gēabhtha do ghríosadh?
 Dóigh *leam* dāmadh sine sinn
 nacharb[h] f[h]earr file Féilim.
28. Tuig, a Aodh, a n-abraim ruibh;
 dob é adhbhar ar n-urchair
 neimhshéan cosgar ris an gcloinn
 fa bhrosdadh Che[i]néal Conoill.
29. Róimh nī rāngadar a leas
 a mbrosdadh d'f[h]uighlibh éigeas
 ord gaisgidh i n-iadh F[h]ánad
 riamh faisgin a bhfíornámhad.
30. Iomdha ag laochraidh leithe Cuinn
 dhíot ar ndēanamh Ī Dhomhnuill
 dā gach taoibh oirichil ort;
 is roimhithigh dhaoibh dūsacht.

26. Your pleasant nature is like that of Conn, son of Féilim; your followers are like his mercenaries in the face of plundering.
27. As I know, o Aodh, why would you not accept your incitement from me? I expect, were I older, that the poet of Féilim was no better [than I].
28. Understand, o Aodh, what I am saying to you: the reason for my outburst over the incitement of Cineál Conaill is the poor prosperity of the clan [in terms of] victories (?).
29. Before you, the heroic order in the land of Fánad never needed to be incited by the words of the learned in the face of their sworn enemy (?).
30. Since you were made Ó Domhnaill, many warriors of Conn's half, on every side, are making preparations against you; it is high time you woke up.

26d. cosmhuil

28c. cosgair; 28d. cconoill

29b. éicceas; 29c. i bfiadh; 29d. fasgín

30c. oirchill

31. Nā trēig clú *ceannais* f[h]eadhma,
 'na shuan nī thig *tighearna*;
 trēig suantathamh *agus* sí[o]th,
 léig ar chuartachadh coigcríoch.
32. Gurab duille is dīon duit-se,
 dhaoibh *gurab* fleadh fíorusige,
 fúibh nārab leaba luighe,
 leaba chlúimh nō cholcaidhe.
33. Ōn tráth fá n-éireōcha Aodh
 is *tearc* duine *acht* a dhearbghaol
 sluagh Gaoidheal ōs dā luadh linn
 aoinfhear 'na shuan nī shaoilim.
34. Fáth a shuain cuirfead i gcéill;
 gēabhad leithsgé[a]l í leithNéill
 ciall toirchim fhada í Earca
 oirchill aga ar fháidheachtra.
35. Tre mhac Siobháin, slat ōs c[h]oill,
 dā b[h]fiucha fíonfhuil C[h]onoill,
 tuar coinghleaca re cloinn Néill —
 na *croinn* oirdhreaca a hao[i]nfhréimh.
36. Grīosadh Aodha ar aithris Cuinn —
 ithir uasal chlann gConuill,
 sól nī fhuil isin ithir —
 don fhuil rīogh is ro[i]mhithigh.

31. Do not abandon a reputation for battle-leadership, a lord does not attain success when asleep; abandon sleep and peace, set out on a circuit of other territories.
32. May leaves be your shelter, may spring-water be your drink, let you not lie on a bed of feathers or quilts.
33. From the time that Aodh rises, I do not believe that a single man of the Gaelic host of whom I speak, very few people except his close kinsmen (?), will sleep.
34. I will explain the reason for his slumber; I will relay the half-O'Neill's excuses: the reason for the long sleep of Earc's descendant is his preparation for his prophesised venture.
35. If Conall's noble blood boils because of Siobhán's son, [the] branch above a forest, it will be an omen of conflict with the Uí Néill, those famous trees from a single root.
36. There is [currently] no seed in the noble soil of Conall's descendants — it is high time for the blood of kings to incite Aodh to imitate Conn.

32c. lúighe; 32d. choilchthíghe

34d. aige

35a. Siubhain; 35d. oirdhearca

NÓTAÍ

2a. Tá *éirghe* na LSe athraithe agam go *éirigh* le líon na siollaí sa líne a réiteach. Seo an leasú atá molta in *ABM* 339 chomh maith.

Tá an chéad líne seo sa rann á léamh agam ina dhá leath, agus an dá bhriathar sa mhodh ordaitheach, 2 uatha. Tagann an léamh seo le stíl líne 3a (*Éirigh, trá, tógaibh do cheann*).

3c. Tá *do réalta móir meirge* aistrithe agam go litriúil mar ‘your great star of a banner’ agus níl cinnte céard go díreach atá i gceist leis seo.

4a. Tá *mbriocht* na LSe athraithe agam go *mbrios*, agus bainim an chiall ‘in a press’ (.i. i stóras) nó ‘pressed’ (.i. fillte) as seo, agus tá sé aistrithe agam thuas mar ‘stored away’. Tá an t-aon sampla eile den fhocal seo a bhfuil teacht agam air san filíocht chlasaiceach sa dán *Dia libh, a uaisle Éireann* le hUilliam Óg (mac Uilliam Óig) Mac an Bhaird, agus an céile cuibhis céanna aige: 12*cd Sgaoileadh bhar mbratach a brios / maoidheadh atach go háiteas* ‘Let the **un-furling** of your banners be a call to victory.’ Féach Mac Cárthaigh (2002: 97), agus nóta. Seans maith go raibh an dán thuas os comhair Uilliam Óig mhic Uilliam Óig agus é ag cumadh *Dia libh, a uaisle Éireann* sa bhliain 1641.

Tá *bi* na LSe athraithe agam go *bíodh* (modh ordaitheach, 3ú uatha) le líon na siollaí a réiteach, agus atá níos fearr ó thaobh céille de.

4c. *gad im ghaineamh*: Tá leagan den nath seo in *A Miscellany of Irish Proverbs* (O’Rahilly 1922: 130–1), 371: *cuir gaid um ghainimh* ‘put a withe around sand’.

5c. *do chaoir churadh*: Féach go n-úsáideann Uilliam Óg an íomhá chéanna seo sa dán *Gréas dearbhtha Duan na Feirsde*, 42: ‘*S iad ag triall mar táid a lán / clann Uibhilín, clann Chathán / caor churadh nar clódh i dtroid / do shlógh Uladh ní fhágmaid*’ ‘Travelling like many others, the MacQuillans, the O’Kanes; **the fireball of warriors** who have not been defeated in a fight, we will not leave them out of the host of Ulster’ (Mac a’ Ghoill 2021: 53).

6c. Tá mé ag déanamh go bhfuil *coill* mar fhoirm an tabharthaigh uatha ceart go leor anseo. Tugtar *caill* agus *caille* in *DIL* s.v. 1 *caill* mar fhoirmeacha inghlactha an tabharthaigh uatha, cé gurb í *coillidh* foirm a mbeifí ag súil leis de réir *IGT* ii §191.

8. Leanaím an t-aistriúchán a thugann McManus (2018: 177) ar an rann seo: ‘Are you familiar with the habit of hunting-hounds, O Aodh who heed not your exhorting? A good hound is the better/braver (?) for being incited; fame is useless if not broadcast.’

10b. Níl séimhiú curtha ar fáil agam ar lorg gairmeach uatha (den chineál a séimhítear ar a lorg de ghnáth sa teanga chlasaiceach) i líne 10b (*a mheic Maghnais mhúir Chormaic*) agus na riachtanais do shléagar arna gcomhlíonadh (féach McManus 1994: 357–8).

12b. Tá *ós libh iad* aistrithe agam mar ‘since they are [...] on your side’ seachas mar ‘since they are [...] yours’, a bheadh ní ba litriúla.

14ab. Tá *bíodh* na LSe athraithe agam go *bíoth* le cuibheas breise inmheánach sa leathrann seo a sheachaint (.i. *bíodh* : *síol*).

Tá *nós an leamháin* aistrithe agam mar ‘just like the elm’, agus tá mé ag déanamh gur tagairt é seo don seanfhocal *Ding de féin a scoilteas an leamhán* ‘it takes the wedge of its own timber to split an elm’, ag tabhairt le tuiscint go dtiocfaidh turnamh mhuintir Néill trí Aodh, duine a bhfuil gaol acu leis.

15d. Is ar mhaithe le ciall an rainn atá *fa thuar* (*fa*, réamhfhocal) athraithe agam go *fa tuar* (*fa*, an chopail) anseo.

17c. Tá *sloinneadh* na LSe athraithe agam go *slonnadh*. Glactar leis an dá fhoirm (-*nn*- a bheith caol nó leathan) de réir *IGT* ii §10.

Níl an t-iarméarla *ór báite* ar lorg *té* agus dhá ghuta fhada ag teacht le chéile (féach Ní Dhomhnaill 1975: 32).

19ab. Tá *dál* na LSe athraithe agam go *dáil* le cuibheas breise inmheánach sa leathrann seo a sheachaint (.i. *clár* : *dál*).

20a. Tá *fuilngeadh* na LSe athraithe agam go *fuilngidh* (modh ordaitheach, 2 uatha) ar mhaithe le ciall an rainn.

23c. Tá séimhiú curtha ar fáil agam ar lorg an fhorainm shealbhaigh *a* sa líne seo. Ní léir dom aon bhealach eile leis an líne seo a léamh.

28d. Tugtar faoi deara go nglactar le *ceinéal* mar fhoirm cheart an ghinidigh uatha, mar atá sa líne seo, taobh le *-iúil*, *-íl*, agus *-éil* de réir *IGT* ii §77. Tá an t-urú a leanann é i leagan na LSe bainte agam san eagrán. Is minic a fhaightear urú ar lorg focal san ainmneach uatha a bhí neodrach sa tSean-Ghaeilge, cosúil le *síol* agus *ceinéal*, nuair is cuid d’ainm teaghlaigh iad, agus is dócha gur faoina thionchar sin a bhfuil urú ar lorg *ceinéal* sa LS.

29c. Tá *bfiadh* na LSe athraithe agam go *n-iadh* le huaim a chur ar fáil sa líne a thiocfadh le polasaí an fhile séimhiú a chur ar fáil ar lorg tabharthach uatha (féach an plé mar gheall air seo sa réamhrá thuas). Tá an dá fhocal seo ar aonbhrí lena chéile agus níorbh ionadh é iad a fháil in áit a chéile i leaganacha LSí.

29d. Tá *faisgin a bhfiornámhad* aistrithe agam mar ‘in the face of their sworn enemy’ agus níl mé go hiomlán cinnte faoin tuiscint seo.

30c. Tá na leaganacha *oirichill* agus *uirichill* tugtha in *IGT* ii §150 agus deirtear linn go bhfuil *uirichil* lochtach (agus *oirichil* leis, glacaim leis). Tá dornán samplaí eile sa chorpas den litriú *oirichil* le deimhniú meadarachta; ina measc tá sampla as dán le Tadhg Dall Ó hUiginn don Aodh céanna, leis an gcéile cuibhis céanna: *ó a-tá sé d’oirichil air / is roimhithigh é d’fhéaghain* ‘since it awaits him it is high time to face it’ (*TD* 4.40cd).

32cd. D’fhéadfaí *lighe : choilc(th)ighe* a chur ar fáil anseo freisin.

35a. Tá litriú ainm mháthair ár bpátrúin ceartaithe agam ó *Siubhain*, mar atá sa LS, go *Siobháin*. Luaitear Siobhán sa dán *Trom an suan-sa ort, a Aodh chomh maith agus tá litriú a hainm deimhnithe ag an gcuibheas ansin i línte 14cd: mac Siobháin ar dtocht a-tuaidh / sluaigh thionáil thort as gach tír* (Mac a’ Ghoill 2021: 302).

Tá séimhiú curtha ar fáil agam ar lorg an réamhfhocail *ós*. Féach tuilleadh plé faoi sheimhiú ar lorg *ós* in Ó Maolalaigh (2016).

GIORRÚCHÁIN

- ABP** Eoin Mac Cárthaigh, *The Art of Bardic Poetry: A New Edition of Irish Grammatical Tracts I* (Dublin, 2014).
- DMU** David Greene (ed.), *Duanaire Mhéig Uidhir: The Poembook of Cú Chonnacht Mág Uidhir, Lord of Fermanagh 1566–1589, Edited from the Copenhagen Manuscript* (Dublin, 1972).
- TD** Eleanor Knott (ed.), *A bhfuil aguinn dár chum Tadhg Dall Ó hUiginn (1550–1591): The Bardic Poems of Tadhg Dall Ó hUiginn (1550–1591)*, vols I and II (London, 1922, 1926).

LEABHARLIOSTA

- MAC A’ GHOILL, PHILIP 2020: ‘Rogha dánta as LS G 167, Leabharlann Náisiúnta na hÉireann’, tráchtas dochtúireachta neamhfhoilsithe, Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath.
- , 2021: ‘Trom an suan-sa ort, a Aodh: dán ag brostú Aodha Uí Dhomhnaill (†1600)’, *Celtica* 33, 295–306.
- MAC CÁRTHAIGH, EOIN 2002: ‘Dia libh, a uaisle Éireann (1641)’, *Ériu* 52, 89–121.
- McKENNA, LAMBERT 1927: ‘To Mág Carthaigh Riabhach’, *The Irish Monthly* 55, no. 654, 664–8.
- McMANUS, DAMIAN 1994: ‘An Nua-Ghaeilge Chlasaiceach’, in *SnaG*, 335–445.

- , 2018: 'Celebrating the canine II: the hunt in medieval Ireland, with special reference to the evidence of Classical Irish poetry', *Ériu* 68, 145–92.
- NÍ DHOMHNAILL, CÁIT 1975: *Duanaireacht* (Baile Átha Cliath).
- NÍ SHÉAGHDHA, NESSA 1979: *Catalogue of Irish Manuscripts in the National Library of Ireland: Fasciculus V, Mss. G 161–G 207* (Dublin).
- Ó CLÉIRIGH, TOMÁS 1939–40: 'A poem book of the O'Donnells' [parts 1 and 2], *Éigse* 1.1–4, 51–61, 130–42.
- Ó CUÍV, BRIAN 1977: 'The Earl of Thomond and the poets, A.D. 1572,' *Celtica* 12, 125–45.
- Ó MAOLALAIGH, ROIBEARD 2016: 'The mutational effects of the preposition *ós*: *Bile ós Chrannaibh* and related matters', *SGS* 30, 73–111.
- O'RAHILLY, THOMAS 1922: *A Miscellany of Irish Proverbs* (Dublin).

PHILIP MAC A' GHOILL

Maynooth University